# Vóta 7 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do phinsin, aoisliúntas, gortuithe ceirde, agus aiscí agus liúntais bhreise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004 agus reachtanna ilghnéitheacha eile; pinsin eisreachtúla, liúntais agus aiscí arna ndámhadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, táillí do mholtóirí liachta agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúiteamh agus íocaíochtaí eile i ndáil le gortuithe pearsanta; táillí don Bhord Pinsean; íocaíochtaí i ndáil le Córas Sochair Pinsean, íocaíochtaí ilghnéitheacha, s.rl.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha faoi bhráid agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Airgeadais. Tá an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go ndéanann sí íocaíochtaí aoisliúntais ar bhonn gníomhaireachta le haghaidh Vóta 7.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
28 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar an gCuntas Leithghabhála den Vóta 7: Aoisliúntais agus Liúntas Scoir do 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Cuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus an bunús leis an tuairim iniúchóireachta, leagtha amach i gCuid 1.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche m'iniúchta. I mo thuairim, choinnigh an Roinn Airgeadais leabhair chuntais chuí maidir leis an Vóta d'Aoisliúntais agus Liúntas Scoir. Aontaíonn an Cuntas Leithghabhála leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithghabhála léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2012

# Vóta 7 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A. | Aoisliúntas agus liúntais scoir | 450,025 | 432,560 | 437,635 |
| | **Ollchaiteachas** | **450,025** | **432,560** | **437,635** |
| | **Asbhain:** | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **82,250** | **87,315** | **83,155** |
| | **Glanchaiteachas** | **367,775** | **345,245** | **354,480** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€22,530,394** | **€42,272,907** |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

Níl an nóta seo infheidhmithe toisc go bhfuil na costais riarachán de chuid an Vóta seo tabhaithe ar Vóta 6 - Oifig an Aire Airgeadais agus déantar na costais a bhaineann le ceapadh anbheartais aoisliúntais a iompar go Vóta 42 – Oifig an Aire do Chaiteachas Poiblí agus d'Athchóiriú.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | 8,559 | 12,231 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 111 | 34 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **8,670** | **12,265** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 7,556 | 4,746 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.4 | 1,114 | 7,519 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **8,670** | **12,265** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | — |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | — | — |

## 2.1 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 10,238 | 13,707 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (1,679) | (1,476) |
| | 8,559 | 12,231 |

## 2.2 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pinsin in-fhorchúitithe dlite ag Ranna eile | 111 | 34 |

## 2.3 Iarmhéideanna Creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,875 | 2,430 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | — | 396 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 1,502 | — |
| Tobhach Ioncaim | — | 326 |
| | 5,377 | 3,152 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | 2,179 | 1,594 |
| | 7,556 | 4,746 |

## 2.4 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 22,530 | 42,272 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (21,416) | (34,753) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,114 | 7,519 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 8,559 | 12,231 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 111 | 34 |
| | 8,670 | 12,265 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (5,377) | (3,152) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (2,179) | (1,594) |
| | (7,556) | (4,746) |
| | 1,114 | 7,519 |

## 3 Caiteachas Cláir

| | | 2011 Soláthar measta | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A. Aoisliúntas agus Liúntais Scoir** | | | | |
| A.1. | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 280,300 | 284,194 | 281,135 |
| A.2. | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 40,600 | 41,670 | 42,438 |
| A.3. | Pinsin ex gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 1,200 | 1,092 | 1,253 |
| A.4. | Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | 107,250 | 83,423 | 91,304 |
| A.5. | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 20,000 | 21,721 | 20,946 |
| A.6. | Deontas gortaithe agus táillí leighis | 400 | 349 | 420 |
| A.7. | Táillí don Bhord Pinsean agus do chóras sochair pinsean | 120 | 58 | 68 |
| A.8. | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúthaithe Cánacha 1997 | 5 | — | — |
| A.9. | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 150 | 53 | 71 |
| | | 450,025 | 432,560 | 437,635 |

**Míniú ar éagsúlacht suntasach**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim a soláthraíodh sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.3. | 108 | Bhí riachtanais na bpinsean ex gratia níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| A.4. | 23,827 | Bunaíodh an meastachán ar líon na n-oifigeach a measadh go mbeidís ag dul ar scor ar nó roimh dheireadh Mhí na Nollag 2011. Síníodh an 'tréimhse chairde' lenar áiríodh pinsin ar bhonn na rátaí tuarastail réamhghearrtha go 29 Feabhra 2012, rud a d'fhág go ndeachaigh líon na n-oifigeach a chuaigh ar scor i laghad roimh dheireadh na bliana. |
| A.5. | (1,721) | Chuaigh 179 oifigeach neamhbhunaithe ar scor i 2011, níba mhó ná mar a measadh. |

# 4 Fáltais

| Leithreasaí-i-gcabhair | | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Fáltas faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúite) 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin na foirne | 30,000 | 30,000 | 28,000 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, s.rl | 1,103 | 2,443 | 2,496 |
| 3 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhíseach agus daoine eile | 22,500 | 21,657 | 20,818 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | 24,237 | 25,681 | 23,352 |
| 5 | Aisíocaíocht aiscí, s.rl. | 1,103 | 1,276 | 1,135 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | 3,197 | 5,964 | 6,972 |
| 7 | Ilghnéitheach | 110 | 294 | 382 |
| | | 82,250 | 87,315 | 83,155 |

### Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 2 | (1,340) | Is deacair an rud é líon na ndaoine a thuar a cheannóidh seirbhís do chuspóirí pinsin. |
| 4 | (1,444) | An sháraigh an líon daoine ag íoc ranníocaíocht phinsin iomlán an líon measta. |
| 5 | (173) | Tá sé deacair líon na n-aisíocaíochtaí a thuar. |
| 6 | (2,767) | Tá sé deacair líon na ndaoine a thuar a cheannaíonn seirbhís do chuspóirí pinsin |
| 7 | (184) | De réir a nádúir tá sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar. |

# 5 Líon na bhFostaithe agus na bPinsinéirí

### 5.1 Foireann

Íoctar gach ball foirne atá á fhostú do riar agus d'íocaíocht an aoisliúntais a dhéantar a mhuirearú chuig an Vóta seo ó Vóta 6 – déantar Oifig an Aire Airgeadais agus baill fhoirne a bhíonn ag gabháil do cheapadh beartais aoisliúntais a mhuirearú go Vóta 42 – Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos anailís den líon iomlán pinsinéirí in íocaíocht de réir ceannteideal ag deireadh na bliana.

| | | Líon na bPinsinéirí ag deireadh na bliana | |
|---|---|---|---|
| | | **2011** | **2010** |
| A.1. | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 11,014 | 10,288 |
| A.2. | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 2,795 | 2,739 |
| A.3. | Pinsin ex gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 73 | 85 |
| A.5. | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 4,732 | 5,002 |
| A.9. | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht [1] | 3 | 3 |
| | **Iomlán** | **18,617** | **18,117** |

[1] Athdhearbhaíodh an figiúr do 2010 ós rud é gur cuireadh cúigear duine a raibh a bpinsean infhorchúitithe go hearráideach san áireamh faoi A.9.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Lacáistiú Pinsean

Forálann Acht na bPinsean (Laghdú), 1965 go ndéantar pinsin na státseirbhíseach atá coinnithe nó athfhostaithe tar éis na gnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Forálann an tAcht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh de rogha an Aire Airgeadais.

Le haghaidh áisiúlachta riaracháin, is ionann gnáthchleachtas i gcás socruithe gearrthéarmacha agus, seachas an pinsean a chur ar ceal, leibhéal na táille a shocrú ag leibhéal áirithe d'fhonn a chinntiú nach sáraíonn an íocaíocht táille agus phinsin i dteannta a chéile an tuarastal a bheadh faighte ag an oifigeach dá mbeadh sé/sí fós i bhfostaíocht.